Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach




# Scéal Oilibhéir

**Nuachtlitir 5-9-2019**

### Fáilte romhaibh go léir| *Welcome to you all*

Fearaim fáilte is fiche roimh gach éinne, idir dhaltaí, bhaill foirne agus thuismitheoirí. Táimid ag súil le bliain scoile eile den scoth. Chun é sin a dhéanamh, is gá aire a thabhairt do roinnt bheag tís! Féach thíos.

*I extend a warm welcome back to everyone, pupils, staff and parents. We look forward to another excellent school year. In order to do that however we must look at a small bit of housekeeping! Please see below.*

- Polasaí Úsáide Inghlactha na Ríomhairí le síniú ag gach páiste agus ag a dtuismitheoir. Beidh sé seo ag dul abhaile ar ball.
  *Acceptable User Policy for Computers to be signed by every child and their parent. This wil be going home shortly.*

- Eolas Teagmhála le huasdátú má tá athrú air ó Mhí an Mheithimh.
  *Contact Information to be updated if changed since last June.*

- Má tá aon athrú ó thaobh chúrsaí leighis de, iarrtar ort labhairt linn láithreach
  *If there are any changes regarding medication, we ask that you speak to us immediately.*

- Tá cosc iomlán sa scoil ar chnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu. Bígí an-chúrmach le rudaí sna boscaí lóin le bhur dtoil.
  *Nuts and products containing nuts are completely banned in the school. Please be extremely careful with what goes into lunch boxes*

- Má bhí timpiste ag do pháiste i rith an tsamhraidh, tá seans ann go gclúdófar árachas na scoile é, bí ag caint liom.
  *If your child had an accident during the summer, it may be covered by school insurance, come and talk to me.*

- Is de bharr cúiseanna maithe nach bhfuil cead cuirí breithlae a thabhairt amach ar scoil. Iarrtar ort **gan** é a dhéanamh
  *There are really good reasons why we don't allow birthday invitations to be given out at school. You are asked **not** to do so.*

- Is cuma faoin aimsir – Ná páirceáil sa chiorcal – Ná stop san ascaill nó sa bhosca buí – Fág spás os do chomhair do dhaoine atá ag páirceáil – Úsáid spás páirceála amháin – Bain úsáid as an gCúil Mhín/as Páirc na Mílaoise/as an nGaráiste – Bí cúramach – Bí ciallmhar
  *Regardless of the weather – Do not park in the circle – Do not stop in the avenue or the yellow box – Leave space in front of you for people parking – Use one parking space – Use the Millenium Park/Coolmine/The Garage – Be careful – Be Sensible*

### Réaltaí Órga - Club Iarscoile| *After School Club*

Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir le Réaltaí Órga glacadh le páistí gan socrú roimhré. Is gá don pháiste a bheith cláraithe leo roimh ré agus ní féidir é seo a dhéanamh trí oifig na scoile. Téigh i dteagmháil le realtaiorga@gmail.com chun tuilleadh eolais a fháil.

*Please note that Réaltaí Órga (After School Club based in the prefab) can no longer accpet children without prior arrangement. The child must be registered with them beforehand and this cannot be done through the school office. Contact realtaiorga@gmail.com for more information.*

### Míolta Gruaige | *Headlice*

Tarlaíonn sé ó am go chéile, go háirithe sna bunranganna, go mbíonn míolta gruaige ar pháistí. Is rud nádúrtha é seo, cuid de shaol an pháiste faraor! Má tharlaíonn sé seo iarrtar ort an scoil a chur ar an eolas láithreach. Cuirfear na tuismitheoirí eile ar an eolas gan ainm aon pháiste a lua. Moltar gruaig do pháistí a sheiceáil go rialta agus a mhíniú dóibh gan a bheith ag roinnt earraí gruaige (scuabanna srl.). Gheobhaidh tú comhairle mhaith ón bpoitigéir freisin.

*It happens from time to time, especially in the junior classes, that children get headlice. It's a natural part of a child's life unfortunately! If this happens you are asked to notify the school immediately. Parents wil be informed without identifying the child. It is advised that you check your child's hair regularly and explain to them not share hair accessories (brushes etc.). You will get good advice from your pharmacist also.*

## Earraí Scoile | *School Supplies*

Chuaigh clúdach litreach bán abhaile leis an leabharliosta don íocaíocht thábhachtach seo. Cuir ar ais chuig Anna na hOifige é láithreach le bhur dtoil mura bhfuil sé déanta cheana féin. Ba cheart duit é a fheiceáil ar Aladdin nuair atá sé faighte againn. Bí ag caint linn má tá an clúdach litreach caillte agat. Más gá duit plean íocaíochta a oibriú amach liom, is féidir linn teacht ar réiteach discréideach. Tar i dteagmháil liom faoi rún más gá. Is cuid den Leabharliosta é agus íocann sé as na rudaí seo a leanas i measc go leor rudaí eile;

- Árachas 24 Uair - *24-hour Insurance*
- *Aladdin*
- Ábhair Ealaíne - *Arts Materials*
- Trealamh Spóirt - *Sports Equipment*
- Imeachtaí Breise - *Extra Activities*
- Fótachóipeáil - *Photocopying*

*A white envelope went home with the Booklist for this important payment. Please send it in to Anna in the Office immediately if you haven't already done so. You should see it on Aladdin when we receive it. Get in touch if you've lost the envelope. If you need to work out a payment plan with me, we can come to a discreet arrangement. Please contact me in confidence if you need to. It is part of the Booklist and this pays for the above, among other things.*

## Fís, Forbairt agus Misean na scoile | *School Mission, Vision and Development*

Díreach le meabhrú daoibh, 'sí fís na scoile ná;

**"Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach".**

Deir Ráiteas Misin na scoile;

> **Is Gaelscoil faoi phátrúnacht na hArdDeoise í Scoil Oilibhéir. Cuirimid sároideachas ar fáil do pháistí, trí mheán na Gaeilge, i dtimpeallacht thacúil, a thugann deis do gach páiste barr a gcumas a bhaint amach. Mar chuid den oideachas sin, déantar cúram d'fhorbairt acadúil, chultúrtha, mhóralta, fhisiciúil, shibhialta, spioradálta, mothúchánach agus shóisialta na bpáistí.**

'Sí sainobair Scoil Oilibhéir ná;

**1. Tumoideachas trí mheán na Gaeilge**
**2. Taobh láidir maidir le cultúr Gaelach**
**3. Clár láidir seach-churaclaim**
**4. Atmaisféar ar leith teaghlaigh**
**5. Rannpháirtíocht na dTuistí**
**6. Tiomantas do na torthaí;**

- **gach páiste tar éis barr a gcumas féin a bhaint amach – go hacadúil, go forbartha, go mothúchánach, go spioradálta, go fisiciúil,go sibhialta**

*Scoil Oilibhéir's core work is;*

| ***Immersion based teaching through the medium of Irish.***
| ***Strong Irish cultural dimension to school life.***
| ***Strong extra-curricular programme.***
| ***Distinctive family atmosphere.***
| ***Parental participation in life of the school.***
| ***Commitment to outcomes:***

- ***Each child to have maximised their individual potential – academically, developmentally, emotionally, spiritually , physically, civically***

.

*Just a reminder, the school's vision is to;*

***"Nurture and enrich each child, through the medium of Irish, to achieve their potential"***

*Our Mission Statement states that;*

> **Scoil Oilibhéir** ***is a*** **Gaelscoil** ***under the patronage of the Arch-Diocese. We provide an excellent education to children, through the medium of Irish, in an enriching environment, giving each child the opportunity to achieve their full potential. As part of this education, we nurture the academic, cultural, moral, physical, civic, spiritual, mental / emotional well-being and social development of the children.***

## Fás na Scoile | *Growth of the School*

Beidh baill an Bhoird ag bualadh le hoifigigh na Roinne ar ball chun na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le fás na scoile agus chun dearbhú a fháil faoin tacaíocht a bheidh á solathár ag an Roinn don Bhord agus an Bord ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar an nGaelscolaíocht i mBaile Átha Cliath 15.

*Members of the Board will be meeting with Departmental officials in the near future to explore the possibility of growing the school and to ascertain what support the Department are willing to provide the Board in their efforts to respond to the demand for a Gaelscoil education in Dublin 15.*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

### Gaeilge do Thuismitheoirí | *Gaeilge for Parents*

Tá se i gceist againn ranganna a eagrú do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir linn. Beidh leibhéal do gach éinne. Má tá suim agat iad a dhéanamh, bí i dteagmháil le Cumann na dTuismitheoirí. Bí cinnte féachaint ar http://irishforparents.ie.

*We intend to organise Parents' Classes as soon as possible. There will be a level for everybody. If you are interested in doing them, please contact Cumann na dTuismitheoirí. Be sure to look at http://irishforparents.ie. There are helpful hints and videos.*

### Tacaíocht Foghlama | *Learning Support*

Beidh nótaí ag dul abahile ar an Luan faoin Tacaíocht Foghlama, tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfear na foirmeacha seo a fhilleadh go pras. Ní bheidh páistí in ann tairbhe a bhaint as an Tacaíocht Foghlama go dtí go bhfilltear na foirmeacha seo, fiú na páistí sin a fuair Tacaíocht Foghlama cheana féin.

*There will be notifications going home on Monday about Learning Support, please note these must be returned promptly. Children will not be able to avail of Learning Support until these forms are returned, even chidlren who have previously availed of Learning Support.*

### Taithí Oibre na hIdirbhliana | *Transition Year Work Experience*

Caithfidh mé cúpla pointe a mhíniú daoibh maidir le glacadh le daltaí idirbhliana sa scoil chun taithí oibre a dhéanamh. I dtús báire, is mór againn é go bhfuil an méid sin páistí ag iarraidh teacht chugainn agus is mór an chabhair iad freisin. Déanaimid ár ndícheall deis a thabhairt dóibh taithí a fháil ar shaol na scoile agus faoi shaol an mhúinteora sa chás go bhfuil an dalta féin compordach le dul ag obair le páistí faoi stiúir an mhúinteora.

Faraor, ní féidir linn glacadh le gach éinne ach an oiread agus tá sé ríthábhachtach má tá dalta ag iarraidh teacht anseo go dtéann siad i dteagmháil liom le dátaí chomh luath agus is féidir. Tabharfar túsáite d'iardhaltaí na scoile agus do dhaltaí le Gaeilge.

Tuigfidh sibh ar ndóigh go bhfuil riachtanais ar leith maidir le Grinnfhiosrú na nGardaí agus ba mhaith liom a mhíniú;

- nach mbeimid in ann glacadh le dalta meánscoile mura bhfuil Grinnscrúdú na nGardaí déanta acu roimh thús na tréimhse.
- Is gá dóibh an fhoirm a fháil ón scoil agus an fhoirm a líonadh, ar a laghad, dhá mhí roimh thús na treimhse
- go bhfuil coinníollacha ar leith a bhaineann le páistí idir aois a 16 agus aois a 18 agus go mbeidh foirm le síniú ag a dtuismitheoirí freisin
- Ní féidir linn faoi láthair grinnscrúdú a dhéanamh ar pháistí faoi 16 bliana d'aois

Súil agam go bhfuil sé seo soiléir agus ar ndóigh, táim breá sásta é a phlé más gá.

*I need to explain a couple of points regarding acceptance of Transition Year Students to do work experience in the school. Firstly, we really appreciate that so many students want to return to us and also, they are a huge help. We endeavour to give them a real taste of the life of the school and the life of a teacher where the student is comfortable with working with the children under the supervision of the Class Teacher.*

*You will understand of course that there are certain requirements regarding Garda Vetting and we would like to explain that;*

- *We won't be able to accept any student who isn't Garda Vetted before the beginning of the Work Experience.*
- *The form must be obtained from the school and returned at least two months before the beginning of the Work Experience.*
- *There are certain separate conditions pertaining to the vetting of students between 16 and 18 years of age and that there will be a form to be signed by their parents.*
- *We cannot at present vet children under 16*

*Unfortunately, we cannot accept everybody, and it is crucial that if a student wishes to come here that they get in touch with dates at the earliest opportunity. Priority will be given to past-pupils and students with Gaeilge.*

### *Aladdin* agus Cumarsáid | *Aladdin and Communication*

Ní rachaidh aon nuachtlitir eile abhaile i bhfoirm chruachóipe. Rachaidh siad abhaile mar cheangaltáin ar Aladdin. Táimid ag baint níos mó úsáide as na feidhmeanna *Aladdin* mar a fheicfidh sibh. Déanfar na Cruinnithe Múinteoirí-Tuismitheoiri a reáchtáil air arís i mbliana. Tá foirmeacha ceada leictreonacha in úsáid againn freisin. Tá sé seo mar fhreagra ar chuid de na riachtanais a bhaineann le RGCS. Tá sé i gceist againn dul i dtreo íocaíochtaí ar-líne freisin chomh luath agus is féidir linn. Beidh sé seo níos éasca agus níos sábháilte do gach éinne. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil fáil agat ar *Aladdin*, caillfidh tú amach ar eolas tábhachtach mura bhfuil tú in ann *Aladdin* a fheiceáil go rialta. Má tá aon deacracht agat leis, bí ag caint liom agus réiteofar an fhadhb.

*There will be no more hardcopy newsletters after this one. They will go home as attachments on Aladdin. We are utilising more and more fucntions of Alddin as you will see. We will use the Parent Tecaher Meeting Planner again this year. We now have Electronic Permission Slips as a response to GDPR requirements. We intend moving towards e-payments as soon as we can. This will be safer and easier for all. It is crucial that you have access to Aladdin, you wil miss important information unless you can see Aladdin regularly. If you have any difficulty with it, please speak to me and we will resolve the problem.*

### Othair Phéidiatraiceacha Sheachtracha agus Aonad Cúraim Práinne in Ospidéal Uí Chonghaile Bhaile Bhlainséir

*Paediatric Outpatient and Urgent Care Centre at Connolly in Blanchardstown*

Tá eolas tábhachtach imithe abhaile ar Aladdin faoin áis nua seo, is fiú a bheith ar an eolas faoi. Seans go sábhálfaidh sé cúpla turas go Sráid an Teampaill.

*There is important information gone home on Aladdin about this new service. It's worth being aware of it. It mighht save a few trips to Temple Street!*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

**Lón Sláintiúil |** *Healthy Lunch*
Iarrtar ar thuismitheoirí lón sláintiúil a chur lena bpáistí gan an iomarca pacáistiú. Ní itear seacláid nó milseáin nó criospaí agus moltar torthaí agus ceapaire nó fillteog nó pasta nó rís a chur leo. Iarrtar ort buidéal in-athúsáidte úsáid.
*Parents are asked to send a healthy lunch without too much packaging with their children. We don't eat chocolate or sweets or crisps and we recommened sending fruit and sandwiches and wraps and pasta and rice. You are asked to provide a re-usable bottle.*

**Cumann na dTuismitheoirí |** *Parents' Association*
Chuaigh foirm cheada leictreonach amach inné ar Aladdin do na grianghraif don fhéilire. Líon an fhoirm chomh luath agus is féidir leat le do thoil. Labhair liom le do thoil má tá aon deacracht agat teacht ar an bhfoirm.
*An electronic permission form went out on Aladdin yesterday for calendar photos. Fill the form as soon you can please. Please talk to me if you have any problems accessing it.*

# Cumann na dTuismitheoirí

*(Parents' Association)*

## Cé Muid? | *Who are we?*

Is grúpa tuismitheoirí sinn a oibríonn as lámh a chéile leis an scoil agus leis an mBord Bainistíochta chun airgead a bhailiú agus a úsáid chun cur le taithí na bpáistí le linn a dtréimhse i Scoil Oilibhéir. Tá sé go hiomlán deonach agus bíonn fáilte roimh dhaoine nua agus roimh chúnamh i gcónaí.
*We are a group of parents who work closely with the school and board throughout the year to fundraise and use this money to enhance the experience of the children during their time in Scoil Oilibhéir. It is entirely voluntary and are always looking for new members and assistance.*

## Cad iad na príomhimeachtaí a bhíonn ar siúl againn?

*What are the main events?*

Bíonn Tráth na gCeist gach Deireadh Fómhair agus Aonach gach Nollaig. Bíonn cúpla imeachta beaga freisin, mar shampla, Díolachán Cácaí, Lá Lus na gCrom Chinn agus an Rith Urraithe.
*Each year we hold a Table Quiz in October and a Christmas Fair in December. There are also a number of smaller events such as Charity Cake Sales, Daffodil Day fundraiser and Sponsored Run throughout the year.*

## Cá dtéann an t-airgead? | *What is the money spent on?*

Baintear úsáid as an airgead a bhailítear ag na himeachtaí chun íoc as rudaí cosúil leis na rudaí seo a leanas; Yóga, *Zumba*, aoichainteoirí, taisteal go dtí imeachtaí spóirt agus go dtí comórtais chomh maith le rudaí níos praiticiúla ar nós na gcúirtíní don halla. Pléitear agus aontaítear úsáid an airgid seo le húdaráis na scoile sula gcaitear é.
*The money raised at the events is used to fund initiatives such as yoga lessons for the kids, guest speakers for parents, transport for sporting events and competitions as well as more practical items like new curtains for the halla. The use of the money is discussed with the relevant school authorities and agreed upon before being committed.*

## An bhfuil tú ag iarraidh cabhrú linn? | *Would you like to help us?*

Beidh fáilte roimh dhaoine deonacha atá sásta cabhrú leis na himeachtaí; ag déanamh ciseán, ag díol ticéad nó ag cabhrú le tacaíocht a fháil. Chomh maith leis sin, má tá gnó agat a bheadh sásta tacú le haon cheann dár n-imeachtaí, trí urraíocht nó trí dheonadh duaise, tar i dteagmháil linn.
*We will always welcome volunteers to assist with all of the events; be it making hampers, selling raffles tickets or helping to drum up support. Alternatively, if you have a business that would like to support any of our events via sponsorship or donation of a raffle prize please let us know.*

## Tuilleadh Eolais ag teastáil? | *Want to know more?*

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana sa scoil ar an 11 Meán Fómhair agus fáilte roimh chách. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com .
*The **annual AGM** will be held on 11th of September at the school and is open for all to attend. We have an **email** address at which we can be contacted: cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com*

Is sinne le meas

Ciara & Ciara

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

### Grianghraif don Fhéilire| *Photos for Calendar*

Beidh Cumann na dTuismitheoirí ag glacadh grianghraf ranga don fhéilire ar an Máirt seo agus beidh ar gach rang an éide scoile a chaitheamh ach amháin ranganna na Naíonán. Iarrtar ar na Naíonáin Bheaga agus na Naíonáin Mhóra na héadaí spóirt a chaitheamh.

Cumann na dTuismitheoirí *will be taking class photos for the calendar next Tuesday and every class must wear their uniform apart from the Infant classes. Junior and Senior Infants are asked to all wear their tracksuits.*

### Naíonáin Mhóra | *Home Time*

Bailítear na Naíonáin Mhóra ón mBrat Náisiúnta ag 13:30. Má tá an aimsir go dona, baileofar iad ón seomra. *The Senior Infants are collected from the Flag at 13:30. If the weather is bad they will be collected from the room.*

### Bailte Slachtmhara Bhaile Bhlainséir | *Blanchardstown Tidy Towns*

Tá an grúpa seo ag obair go dian ar son an cheantair agus tá torthaí a gcuid iarrachtaí le feiceáil. Bíonn fáilte roimh chabhair i gcónaí. Seo thíos na dátaí atá ag teacht le gur féidir le héinne tacú leis an obair.

*This group are working extremely hard for the area and the fruits of their efforts are very visible. Help is always welcome. Below are the upcoming dates so that anyone can support this work.*

| | | |
|---|---|---|
| An Chéadaoin | 4 Meán Fómhair 19:00 | Carrchlós *Supervalu* |
| Satharn | 7 Meán Fómhair 10:00 | Carrchlós *Supervalu* |
| An Chéadaoin | 11 Meán Fómhair 19:00 | Carrchlós *Supervalu* |
| Satharn | 14 Meán Fómhair 10:00 | Carrchlós *Supervalu* |

| | | |
|---|---|---|
| *Wed* | *4th Sept 7pm* | *(meet Supervalu car-park)* |
| *Sat* | *7th Sept 10am* | *(meet Supervalu car-park)* |
| *Weds* | *11th Sept 7pm* | *(meet Supervalu car-park)* |
| *Sat* | *14th Sept 10am* | *(meet Supervalu car-park)* |

### Rothair sa scoil | *Bikes in school*

Táimid an-sásta go bhfuil páistí ag rothaíocht agus ag scútáil ar scoil ach níl cead rothaíocht tríd an gclós. Siúl tríd an gclós le rothair nó le scútair. Iarrtar ar na páistí úsáid a bhaint as glas freisin. Is nós maith é seo dóibh agus cé nach raibh aon fhadhb riamh againn, faraor, ní féidir linn geallúint nach rachaidh rothar ar strae mura bhfuil sé faoi ghlas.

*We are delighted to see children cycling and scooting to school but it is not permitted to cycle through the yard. Please walk through the yard with bikes and scooters. We ask also that chidlren lock their bikes. This is a good habit for them and although we have never had a problem, unfortunately we cannot guarantee that an unlocked bike won't go missing.*

### Cúrsaí Spóirt | *Sporting Matters*

Mar is gnách am seo na bliana, beimid ag glacadh páirte i gcomórtais Chumann na mBunscol. Beidh cead ag páistí Rang a Ceathair, Rang a Cúig agus Rang a Sé imirt. Bíonn na cluichí ar siúl tar éis scoile agus bímid ag brath ar thuismitheoirí chun síobanna a sholáthar. De ghnáth, eagraíonn tuismitheoirí é seo eatarthu féin agus bímid in ann síobanna a roinnt amach. Ba mhór againn é más fédir leat cabhrú linn leis seo. Ní gá do pháiste a bheith mar bhall de chlub peile agus molaimid dóibh triail a bhaint as. Bíonn bróga peile agus cosaint fiacla ag teastáil. Beidh traenáil peile ar siúl ag am lóin do na buachaillí agus do na cailíní (le cead na haimsire ar ndóigh). Míneoidh na múinteoirí atá i gceannas cad iad na laethanta sin. Tá cead ag páistí éadaí spóirt a chaitheamh ar na laethanta seo má tá siad ag traenáil. Caithfidh na páistí éadaí spóirt a chaitheamh ar na laethanta eile thíos nuair a bheidh corpoideachas acu leis an rang. An téarma seo, beidh seisiúin CLG ar siúl le Maria gach Aoine i mí Dhiereadh Fómhair agus i mí na Samhna do gach páiste i Rang a 3, Rang a Ceathair, Rang a Cúig agus Rang a Sé. Beidh éadaí spóirt ar na páistí seo do na laethanta sin freisin.

*As usual at this time of year, we'll be taking part in the* Cumann na mBunscol *competitions. Children from* Rang a Ceathair, Rang a Cúig *and* Rang a Sé *can play. The games are on after school and we rely on parents to provide lifts. Usually, parents organise this among themselves and we can liftshare. We'd really appreciate your help with this. Chidlren don't need to be members of a football club and we encourage all children to give it a try. Football boots and mouthguard are required. There will be training at lunchtime for the boys and girls (weather permitting of course!). The teachers in charge will explain which days this will be. Children may wear their tracksuits on thse days if they are training. Children must wear thier tracksuits on the PE days listed below. This term,* Rang a Trí, Rang a Ceathair, Rang a Cúig *and* Rang a Sé *will also have a GAA session with Maria every Friday in October and November. Those children will wear tracksuits on these days also.*

| | | |
|---|---|---|
| **Buachaillí** | | |
| 12/09/2019 15:00 | Scoil an Chroí Ró Naofa Íosa, Huntstown -v- Scoil Oilibhéir | Huntstown |
| 19/09/2019 15:00 | Scoil Chrónáin, Ráth Cúil -v- Scoil Oilibhéir | Páirc Rath Cúil |
| 26/09/2019 15:00 | St. Benedict's -v- Scoil Oilibhéir | Benedict's |
| **Cailíní** | | |
| 11/09/2019 15:00 | St. Brigid's GNS, Palmerstown -v- Scoil Oilibhéir | Glenaulin Park |
| 18/09/2019 15:00 | Scoil Oilibhéir-v- St. Mochta's NS | Somerton |
| 25/09/2019 15:00 | Divine Mercy SNS, Balgaddy -v- Scoil Oilibhéir | Lucan Sarsfields |

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

## Laethanta Corpoideachais | *PE days*

Tiocfaidh athrú air seo nuair a thosaíonn an Yóga agus an Zumba ach don mhí seo;.
This will change when Yoga and Zumba start but for now;

| | | | |
|---|---|---|---|
| Naíonáin Bheaga Ghlasa | - | An Mháirt | \| *Tuesday* |
| Naíonáin Bheaga Bhuí | - | An Déardaoin | \| *Thursday* |
| Naíonáin Mhóra | - | An Chéadaoin | \| *Wednesday* |
| Rang a hAon | - | An Chéadaoin | \| *Wednesday* |
| Rang a Dó | - | An Déardaoin | \| *Thursday* |
| Rang a Trí | - | An Chéadaoin | \| *Wednesday* |
| Rang a Ceathair | - | An Aoine | \| *Friday* |
| Rang a Cúig | - | An Chéadaoin | \| *Thursday* |
| Rang a Sé | - | An Aoine | \| *Friday* |

## Dátaí don Dialann |*Dates for the Diary*

| | | |
|---|---|---|
| **06-09-2019** | Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i *CCC* \| *Deadline for applications to First Year 2020 in CCC* | 16:00 |
| **10-09-2019** | Grianghraif á nglacadh don Fhéilire \| *Photoshoot for Calendar* | |
| **12-09-2019** | Naíonáin Bheaga abhaile ar 13:30 \| *Junior Infants go home at 13:30* | |
| **13-09-2019** | Lá na nGeansaithe \| *Jersey Day* | |
| **11-09-2019** | Cruinniú Chinn Bhliana Chumann na dTuismitheoirí \| Cumann na dTuismitheoirí *AGM* | 20:00 sa scoil |
| **20-09-2019** | Maidin Chaife Chumann na dTuismitheoirí \| *Parents'Association Coffee Morning* | 13:00 sa scoil |
| **24-09-2019** | Oíche Oscailte Choláiste Mhuire don Chéad Bhliain 2020 \| Coláiste Mhuire *open night for First Year 2020* | 19:00 sa scoil |
| **24-09-2019** | Oíche Eolais Choláiste na Tulchann\| Coláiste na Tulchann *Information NIght* | 19:00 sa scoil |
| **04-10-2019** | Bailiúchán Éadaí \| *Clothes Collection* | |
| **07-10-2019** | Oscailt na n-iarratas do mheánscoil Mount Sackville óna 8:00 – caithfear cailíní a chlárú i Rang a Trí<br>*Opening of applications to Mount Sackville Secondary from 8:00 – girls must be registered in Third Class* | |
| **11-10-2019** | Aifreann Oilibhéir \| *Annual Mass* | *12:30* – Abhaile ina dhiadh\| *Home afterwards* |
| **14-10-2019** | Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i gColáiste Mhuire<br>*Deadline for First Year Applications in* Coláiste Mhuire | 12:00<br>*12:00* |
| **24-10-2019** | Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i gColáiste na Tulchann<br>*Deadline for First Year Applications in* Coláiste na Tulchann | 16:00<br>16:00 |
| **24-10-2019** | Tráth na gCeist Bliantúil \| *Annual Table Quiz* | 20:30 sa *Bell* |
| **20-11-2019** | **Scoil Dúnta – Oiliúint In-seirbhíse \| *School Closed – In-service training*** | |
| **31-03-2020** | Spriocdháta na n-iarratas do Choláiste Belvedere – caithfear iarratais do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig<br>*Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class* | |